

AN DÚLRA

Gníomhaíocht AD06

Téama

Gníomhaíocht ranga (GR). Ag féachaint ar ainmhithe ó ar fud an domhain agus ag fiafrú díobh cén fáth a maireann siad san áit a mhaireann siad.

Cuspóirí

Ag díriú ar conas a théann ainmhithe in oiriúint dá ngnáthóga agus ar thábhacht ghnáthóg don fhiadhúlra agus don bhithéagsúlacht.

Snáitheanna Curaclaim

OSIE Eolaíocht - Plandaí agus ainmhithe; Éagsúlacht agus tréithe dúile beo; Ag forbairt agus ag cur le feasacht maidir

le plandaí agus ainmhithe ó imshaoil níos leithne

Scileanna

Ag ceistiú, ag breathnú, ag tuar, ag sórtáil, ag aithint

Am

40 nóiméad.

Gníomh ainmhithe!

AINMHITHE AGUS A NGNÁTHÓGA

**CAD A THEASTÓIDH UAIT**

- Mapa den domhan (bíonn mapa imlíneach dóthaineach anseo)
- Pictiúir d'ainmhithe agus de ghnáthóga - dhá chóip de gach aon pictiúr. Is féidir leat na pictiúir a fháil i leabhair nó in

irisí. Tá réimse maith póstaer d'ainmhithe ag ENFO freisin (www.enfo.ie). Tá liosta ainmhithe agus fíricí ag baint leo ceangailte leis an mbileog oibre seo.

- Puití greamaitheach inbhainte (m.sh. blu-tac)

CAD A DHÉANFAIDH TÚ

- 1 Roinn an rang i ngrúpaí agus tabhair cóip amhain de gach pictiúr amach - pictiúr do gach grúpa.
- 2 Iarr ar na daltaí a bhfuil pictiúir de ghnáthóga acu gach gné den ghnáthóg a scríobh síos

AN DÚLRA

Gníomhaíocht AD06

leanúint →

agus iarr ar na daltaí le pictiúir d'ainmhí gach gné dá n-ainmhí a scríobh síos freisin. Níor chóir dóibh ach eolas a chlarú a bhíonn le tuiscint ón bpictiúr.

- 3 Iarr ar na grúpaí gnáthóga cur síos a dhéanamh ar a bpictiúr féin. Cén áit ar an mapa ar chóir do na gnáthóga dul dar leis an rang? Leag na pictiúir dhúblaithe de gach aon ceann san áit cheart ag baint úsáide as puití.
- 4 Iarr ar na grúpaí ainmhithe na gnéithe a bhaineann lena n-ainmhí a léamh amach. Cé na gnáthóga a cheapann an rang ina maireann na hainmhithe éagsúla?
- 5 Cén fáth a gceapann na daltaí go dtéann na hainmhithe éagsúla sna gnáthóga sin? Cad a tharlódh dá mbogfaidís timpeall?
- 6 Athraigh roinnt de phictiúir na n-ainmhithe chuig ionaid éagsúla (an panda chuig machairí na hAfraice, mar shampla) An mbeadh na tréithe atá acu in oiriúint dóibh níos mó? An míbhuntáistí iad roinnt dá gcuid gnéithe nuair a bhogann siad ionaid? Conas?

- 7 Déan liosta in éineacht leis na daltaí faoi na bealaí uile a dtéann na hainmhithe in oiriúint dá ngnáthóg. Croch suas an liosta in aice leis an mapa agus fág thuas le taobh an mhapa é ar feadh cúpla lá ionas go mbeidh deis ag an rang smaoineamh air.

Ar aghaidh leat

- 1 Déan do mhapa féin den domhan, ag baint úsáide as dath chun na gnáthóga éagsúla a aithníonn tú a léiriú. D'fhéadfaí úsáid a bhaint as péint, crián, páipéir mhilseáin nó ábhair colláise eile, mar shampla. Cé chomh mór agus atá na gnáthóga sin? An bhfuil siad le fáil in áiteanna eile sa domhan freisin? An bhfuil tú ábalta smaoineamh ar aon ainmhithe eile a mhaireann iontu freisin?
- 2 Iarr ar gach grúpa cúig fhíric a fháil maidir leis na hainmhithe ar an mapa agus na gnáthóga agus iarr orthu iad a scríobh ar pháipéar agus abair leo iad a léamh amach sa rang. Ina dhiaidh sin cuir na páipéar thart timpeall ar imill an mhapa.

- 3 Tarraing nó cum ainmhí samhailteach a bhíonn in oiriúint go foirfe do shaol i 'ngnáthóg' a bhfuil eolas maith agat ina taobh (m.sh. seomra ranga, clós na scoile, ionad siopadóireachta nó páirc peile).
- 4 D'fhéadfadh tú ainm a thabhairt do d'ainmhí agus véarsa gearr a scríobh faoi chun é a chur in aithne.

AN DÚLRA

Gníomhaíocht AD06

GNÍOMH AINMHITHE! NÓTAÍ

Seo eolas bunúsach maidir le roinnt ainmhithe a bheadh oiriúnach le húsáid i Gníomh Ainmhithe. D'fhéadfá, áfach, ainmhithe eile a roghnú bunaithe ar do spéiseanna féin.

An Béar Bán (*Ursus maritimus*)

Maireann béir bhána san Artach, a chlúdaíonn páirteanna den Rúis, Ceanada, Na Stáit Aontaithe, An Iorua agus An Ghraonlainn. Bíonn an teocht san Artach chomh íseal le -20°C. Bíonn sé dorcha ansin ar feadh ceithre mhí ag an am. Bíonn dhá shraith fionnaidh ar an mbéar bán, sraith tuibh blonaige (11.5cm), cluasa beaga agus eireaball beag. Stopann na gnéithe seo uile an teas ag fágáil na colainne. Bíonn éisteacht ghéar ag an mbéar bán agus bíonn sé go maith ag boladh. Bíonn amharc maith aige ar an talamh agus faoin uisce. Bíonn crúba scamall aige le bheith ag snámh agus fiacla géara le bheith ag stróiceadh agus ag baint greim as rudaí. Is é an rón an príomhbhia a itheann an béar bán agus leanann sé é agus léimeann sé ar na poill san oighear a mbíonn na róna ag analú tríothu.

Tagairt:

www.polarbearsalive.org

An Panda

(*Ailuropeda melanoleuca*)

Is as na foraoisí sléibhe in iardheisceart na Síne (Shaanxi, Sichuan, Gansu) a d'éascair an panda mór ag airde idir 1,200m agus 3,500m. Tagann níos mó ná 99% den mhéid a itheann sé ó chraobhacha, ó ghais agus ó dhuilleoga an bhambú agus is annamh a itheann sé iasc agus feoil. Bíonn sé ag ithe ar feadh 10-12 uair a chloig i gach 24 uair a chloig go hiondúil nuair a bhíonn an oíche ag titim nó san oíche féin. Tá giall láidir aige le fiacla leacaithe chun a bheith ag cogaint bambú. Tá matáin speisialta laistigh dá bholg agus tugann sin cosaint dó ó scealpa. Tá a chrúba in oiriúint chun gur féidir leis greim a fháil ar ghais bambú.

Tagairt:

www.bearbiology.com agus www.animaldiversity.org

Camall na hAraibe

(*Camelus dromedarius*)

Is as fásach Thuaisceart na hAfraice a d'éascair Camall na Araibe. Tá fionnadh laistigh de chluasa an chammaill, tá fabhraí fada aige agus is féidir leis a pholláirí a dhúnadh chun nach féidir le gaineamh dul isteach iontu. Stopann lapaí leathair a chosa ag dul ar bá sa ghaineamh.

Itheann sé dataí agus gráin ach is féidir leis maireachtáil ar shíolta, ar dhuilleoga tirim nó fiú ar chnámha! Is féidir le camall suas le 100 lítear uisce a ól i ndeich nóiméad. Stóráilann sé fuinneamh sa tsail ina dhronn agus is féidir leis maireachtáil gan aon rud a ithe go ceann 5-7 lá.

Tagairt: www.arab.net

Bíosún na hEorpa nó wisent

(*Bison bonasus bonasus*)

Is iad foraoisí buaircíneacha mheasartha Oirthear na hEorpa áit dhúchais bhíosún nó wisent na hEorpa. Tá sé le fáil anois i dtearmainn ar an teorainn idir an Pholainn agus an Rúis (ag Bialowieza). Maireann an wisent den chuid is mó ar fhéar ach itheann sé roinnt píosaí crann, caonach agus plandaí eile freisin. Is fearr leis foraois a bhíonn ar a laghad 20 bliain d'aois. Bíonn ar an wisent ól beagnach gach lá. Itheann sé sneachta sa Ghreimhreadh. Is beag nach ndeachaigh an speiceas i léig go luath san fhichiú aois. Tá Páirc Fhiadhúlra Fota i gCo. Chorcaí mar chuid de chlár pórúcháin don wisent.

Tagairtí:

www.fotawildlife.ie

AN DÚLRA

Gníomhaíocht AD06

leanúint →

Iaguar

(Panthera onca)

Tá an t-iaguar le fáil i nDeisceart Mheiriceá agus i Meiriceá Láir. Is féidir leis maireachtáil i bhforaoisí trópaiceacha nó i bhféarthailte má bhíonn an clúdach sách maith le dul i bhfolach ann. Bíonn patrún ar nós fainní ar chóta an iaguir le dathanna donn agus buí (le corr spota dubh) go hiondúil ach uaireanta dubh ar fad a bhíonn an t-iaguar. Tá guailí agus cosa tosaigh láidire ag an iaguar agus crúba inardaithe ar a lapaí tosaigh. Tá a chosa deireadh níos faide ná a chosa tosaigh, rud a chuidíonn leis ag léim. Tá teanga gharbh aige chun craiceann agus feoil a tharraingt agus bíonn craiceann liobarnach ar a bholg chun é a chosaint ó chiceanna a fhaigheann sé ó ainmhithe eile. An chaoi a ndéanann sé fiach ná ionsaí gan choinne a dhéanamh ar a chreach, an chreach á leanúint nó ag snámh. Is maith leis ag maireachtáil in aice le fionnuisce. Itheann an t-iaguar feoil ar nós iasc, froganna, turtair agus muca nó mamaigh eile. Fanann sé i bhfolach i gcrann agus é ag seilg.

Tagairt:

www.dublinzoo.ie

Sioráf

(Giraffa camelopardalis)

Bíonn gnáthóg an sioráif i bhféarthailte san Afraic fho-Shahárach, áit a bhíonn crainn scaipthe. Baineann sé leas as a airde (suas go dtí 5.3m) chun teacht ar na duilleoga is airde sna crainn. Tá teanga fhada agus liopaí righne aige chun na duilleoga a ithe. Tá súile móra ar an sioráf. Tá fionnadh gearr air ar dhath na gréine agus paistí donna. Nuair a thagann sioráf óg ar an saol téann sé i bhfolach ar chúl na gréine leis an máthair. Úsáideann an sioráf a adharca agus a bhlaosc láidir agus é ag troid.

Tagairt:

www.wildlife.com

An Cangarú Dearg

(Macropus rufus)

Bíonn gnáthóg an changarú dheirg i bhfásach tirim intíre, i scobarnach nó i bhféarthailte na hAstráile. Itheann sé féar, toir agus luibheanna ach ní ga dó mórán a ól mar faigheann sé an méid uisce is a theastaíonn uaidh ón mbia sin. Itheann sé go luath ar maidin, nuair a bhíonn an oíche ag titim nó san oíche féin.

Is é an cangarú dearg an speiceas cangarú is mó agus tá sé in ann fás chomh ard le 2.7m. Bíonn an cangarú fireann dearg ach bíonn na cangarúnna baineanna liathghorm. Cuidíonn an eireaball fada leis agus é ag léim agus is ionann an t-eireaball le cos nuair nach mbíonn sé ag gluaiseacht. Is féidir leis 6m a léim agus ní chaitheann sé mórán fuinnimh nuair a bhíonn sé ag taisteal thar réimsí fada. Is féidir leis gluaiseacht ag 60km san uair. Chomh mór le cnó a bhíonn na cangarúnna nuair a bheirtear iad. Téann siad isteach i bpóca na máthar, áit a bhfanann siad ag ól bainne go dtí go mbíonn siad sách mór le maireachtáil astu féin.

Tagairt:

www.red-kangaroos.com